Bord Fiontar Chontae Shligigh Teo.
Ionad Forbartha Shligigh
Bóthar Cleveragh
Sligeach

Teil: 071 9144779 Faics: 071 9146793

r-phost: info@sligoenterprise.ie
láithreán gréasáin: www.sligoenterprise.ie

Tuarascáil Bhliantúil 2010

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

Clár na nÁbhar **Lch.:**

Tuarascáil an Chathaoirligh **2**

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh **3**

Cairt Chustaiméirí **5**

Riarachán agus Struchtúr an Bhoird **7**

Taifid Tinrimh Bhord na Stiúrthóirí **9**

Faisnéis ó thaobh Staitisticí – Beart 1 – Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais **10**

Faisnéis ó thaobh Staitisticí – Beart 2 – Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta **11**

Deontais a Íocadh in 2010 **14**

Cuntais Bhliantúla /Ráitis Airgeadais **17**

Tuarascáil an Chathaoirligh

Is mór an t-údar áthais dom mar Chathaoirleach Bhord Fiontar Chontae Shligigh, an tAthbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí 2010 a chur i láthair, an ceathrú hAthbhreithniú Bliantúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

Faoi Ais Tosaíochta 1: Nuáil, Teicneolaíocht Fhaisnéise agus Chumarsáide agus Geilleagar an Eolais de Chlár Oibriúcháin na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair 2007-2013, seachadadh gníomhaíochtaí an Bhoird faoi dhá phríomh-cheannteideal, Idirghabhálacha Roghnaíocha Airgeadais (Beart 1) agus Forbairt na Fiontraíochta & na hInniúlachta (Beart 2). Is féidir mionsonraí ar ghníomhaíochtaí an Bhoird faoin dá bheart seo a aimsiú i gcorp an athbhreithnithe seo.

Cosúil le 2009, bliain ghnóthach dhúshlánach a bhí in 2010 do Bhord Fiontar Chontae Shligigh. Chonacthas freisin gur lean na deacrachtaí ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta ar aghaidh, do Shligeach, agus don tír ar fad. Thairis sin, tá Boird Fiontar Contae & Cathrach na tíre fós ag feidhmiú agus neamhchinnteacht sa chúlra maidir leis an ról a bheidh acu amach anseo ó thaobh cúnamh a sholáthar don earnáil mhicreaghnó. Tá sé ríthábhachtach, dar liomsa, go leanfaidh an Rialtas ar aghaidh le haitheantas a thabhairt d'obair an Bhoird Fiontar Contae i Sligeach, mar aon le hobair na mBord Fiontar Contae & Cathrach ar fud na tíre agus go bhfanfaidh siad chomh tiomanta d'fhorbairt na hearnála micreaghnó is a bhí an Rialtas go n-uige seo.

Mar gheall ar a dhonacht is atá cúrsaí eacnamaíochta faoi láthair, is cosúil go bhfuil an ról, ar féidir le micreaghnónna a imirt ó thaobh staid eacnamaíochta an náisiúin a fheabhsú, níos lárnaí ná mar a bhí riamh roimhe seo. Maidir leis na hionstraimí nua airgeadais a tugadh isteach le déanaí agus ar féidir leis an mBord a bhronnadh ar ghnónna cáilitheacha, caithfear tuilleadh acmhainní ó thaobh buiséid teacht in éineacht leo má tá Bord Fiontar Chontae Shligigh le freagairt go pras éifeachtúil do riachtanais na ngnónna atá ann cheana féin agus do riachtanais na ndaoine sin a chaill a bpost agus atá ag dul isteach i saol neamhchinnte na féinfhostaíochta. Tá méadú ag teacht ar an méid a éilítear ó Bhord Fiontar Chontae Shligigh agus caithfidh tiomantas méadaithe teacht ón Rialtas dá réir le cur ar chumas an Bhoird cúnamh a sholáthar dá chustaiméirí a bheidh idir phraiticiúil agus lánbhrí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhFoireann agus le Stiúrthóirí an Bhoird araon, in éineacht le comhaltaí ár gCoiste Meastóireachta, as a gcuid dianoibre i rith 2010.
Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin le mo bhuíochas pearsanta a chur in iúl do gach ceann de na gníomhaireachtaí eile a d'oibrigh go dlúth leis an mBord leis an bhfiontraíocht agus cruthú na fostaíochta a chur chun cinn i gContae Shligigh.

Declan Lavin
Cathaoirleach

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Fuair an Bord maoiniúchán ó Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa agus ón státchiste faoi Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 le haghaidh cúnaimh airgeadais dírigh i bhfoirm cúnaimh dheontais, cúnaimh deontais agus chothromais in-aisíoctha chomh maith le maoiniúchán leis an bhfiontraíocht a fhorbairt lena n-áirítear oiliúint, meantóireacht agus comhairle. D'oibrigh an Bord go dlúth freisin le gníomhaireachtaí amhail *Irish Central Border Area Network (ICBAN)* agus Comhlacht an AE um Chláir Speisialta agus is mór ag an mBord an cúnamh a sholáthair siad i gcaitheamh na bliana.

Faoi dheireadh 2010 bhí thart ar 770 post lánaimseartha agus 346 post páirt-aimseartha ann ar cabhraíodh leo trí chúnamh airgeadais díreach ón mBord. Ní chuirtear san áireamh sna figiúirí seo poist bhreise a buanaíodh agus a cruthaíodh tríd an iliomad meicníochtaí oiliúna, meantóireachta agus tacaíochta eile a fheidhmíonn an Bord nó trí chláir éagsúla thrasteorann a raibh agus a bhfuil lámh ag an mBord iontu. Mar gheall ar an drochbhail atá ar an ngeilleagar faoi láthair agus na srianta atá á gcur ar ghnónna dá bharr sin, cuirtear chun solais leis na figiúir seo, go neamhbhalbh soiléir, chomh tábhachtach is atá an earnáil ar a bhfreastalaíonn an Bord, chomh maith le ról fíorthábhachtach an Bhoird ó thaobh a bheith ag leanúint ar aghaidh lena chuid seirbhísí don earnáil seo a bhreisiú.

Lean an Bord ar aghaidh lena chuid oibre ar thograí a forbraíodh do mhaoiniú *Interreg* IV agus, go háirithe, ar a bheith ag obair i ndlúthpháirtíocht le comhghleacaithe dá chuid laistigh de réigiún *ICBAN*. Tá súil againn go bhfaighfear cinneadh dearfach faoi na hiarratais sin in 2011. Is é an Bord seo an príomh-chomhpháirtí stiúrtha i dtionscadal amháin atá á bheartú sa réimse comhshaoil.

Lean an Bord ar aghaidh le ról iomlán a imirt i meithleacha éagsúla agus le bheith ag comhoibriú agus ag comhordú in éineacht le gníomhaireachtaí eile. San áireamh sna gníomhaireachtaí seo tá: Fiontraíocht Éireann, FÁS, Bord Forbartha Chontae Shligigh, Comhairle Chontae Shligigh, Cuideachta Chomhpháirtíocht *Leader* Shligigh, Ciste Fiontar Chontae Shligigh, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, agus, ar ndóigh, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Cuireann an Roinn sin maoiniúchán i dtreo na mBord, trí aonad tacaíochta do Bhoird a bunaíodh i bhFiontraíocht Éireann, agus cineann sí na beartais faoina bhfeidhmíonn siad. Ar an rud is tábhachtaí, lean an Bord ar aghaidh lena chuid tréaniarrachtaí le riachtanais a chuid cliant a chomhlíonadh, idir iad siúd a bhí aige cheana féin agus chliaint nua agus, inter alia, ghlac an Bord páirt i gcruinnithe agus in imeachtaí eile a bhain le grúpaí pobail, scoileanna éagsúla, institiúidí tríú leibhéal, srl.

Ar an drochuair, chuaigh méadú na ndeacrachtaí ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta i bhfeidhm ar ár gcuid cliant i rith na bliana. D'fhreagair an Bord don chor sin le roinnt clár atá dírithe ar a bheith ag cabhrú lenár gcliaint le linn thréimhse an mheathlaithe eacnamaíochta. Samhlaím go dtiocfaidh méadú ar an éileamh a bheidh ar chláir den sórt sin, agus ar an gcúnamh meantóireachta chomh maith, i rith na tréimhse atá amach romhainn. Trí Ghréasán na mBord Fiontar Contae agus Cathrach, tá obair a beartaíodh tugtha chun críche ó thaobh ionstraimí reatha airgeadais na mBord a athchóiriú go cuimsitheach. Leis na hionstraimí nua, soláthraítear solúbthacht bhreise do Bhoird agus iad ag breithniú iarratas ar chúnamh airgeadais.

Faoi dheireadh, cuirim mo buíochas leis an gCathaoirleach ar an taifead chomh maith le mo bhuíochas le comhaltaí Bhord Fiontar Chontae Shligigh, lena Choiste Meastóireachta agus le foireann an Bhoird as ucht a gcuid tacaíochta dom agus as mé a spreagadh i rith 2010.

John Reilly
Príomhfheidhmeannach

Cairt Chustaiméirí

Is é cuspóir Bhord Fiontar Chontae Shligigh ná na dualgais agus feidhmeanna a chuir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de chúram air a chomhlíonadh agus de réir an Chomhaontaithe Oibriúcháin arna shíniú idir an Bord Fiontar Contae agus an tAire Trádála, Fiontar agus Fostaíochta, ar bhealach éifeachtúil gairmiúil.

An "Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit" a rialaíonn an Bord Fiontar Contae, cód a chinntíonn go dtabharfar sársheirbhís do chustaiméirí an BFC agus don phobal i gcoitinne, go ndéanfar cinntí go cothrom gan chlaonadh, go n-oibreoidh foireann an BFC de réir an chaighdeáin is airde ó thaobh na heitice gnó agus cinntíonn an cód nach lagóidh aon ghníomhartha dá ndéanfaidh foireann an BFC muinín an phobail in ionracas an BFC riamh.

Baineann an Cód seo le Stiúrthóirí an Bhoird, baill an Choiste Mheastóireachta agus fostaithe an Bhoird. Nuair a bheidh tú ag plé leis an mBord, féachfaidh baill foirne lena chinntiú go mbeidh tú ar an eolas go hiomlán faoi na seirbhísí agus na tacaí ar fad agus go n-éascófar leat teacht ar na seirbhísí agus tacaí seo i gceart.

Cúirtéis agus Cúntacht
Is féidir leat a bheith ag súil leis an méid seo a leanas gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis:

- go bpléifidh an fhoireann leat ar bhealach cúirtéiseach cabhrach ag gach tráth;
- go dtabharfar duit ainm an bhaill foirne a bhfuil tú ag plé leis;
- go dtreorófar thú ar aghaidh chuig an mball cuí den fhoireann atá ag plé le d'fhiosrúchán.

Faisnéis
Is féidir leat a bheith ag súil leis, gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis, go dtabharfar faisnéis iomlán agus cruinn i bhfocail shimplí duit i ndáil le haon fhiosrúchán ábhartha a d'fhéadfá tarraingt anuas.

Éifeachtúlacht
Is féidir leat a bheith ag súil leis, gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis, go bpléifear le d'fhiosrúchán ar bhealach gasta éifeachtúil, agus an gá á aithint le haon chostas a chaithfeá tarraingt ort féin a choinneáil a ísle agus is féidir.

Príobháideachas agus Rúndacht
Is féidir leat a bheith ag súil leis, gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis, go soláthrófar gach faisnéis, idir phearsanta agus maidir le cúrsaí gnó, duit faoi rún iomlán.

Cás a Chur ina Cheart
Is féidir leat a bheith ag súil leis, gach tráth dá mbeidh tú i dteagmháil leis an mBord Fiontar Contae agus ag plé leis i ndáil le haon ghearán dlisteanach maidir le :

- riaradh neamhchuí na bhfeidhmeanna a cuireadh de chúram ar an mBord seo; nó
- an bealach inar próiseáladh fiosrúchán;

go bpléifear leis an ngearán sin go gasta tuisceanach agus de réir Nósanna Imeachta an Bhoird maidir le Cúram agus Gearáin na gCliant. Ní ghabhann dochar leis na nósanna imeachta seo do ghnáthchearta an duine sa dlí nó d'aon chórais athbhreithnithe neamhspleáigh a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm.

An tAthrú Aeráide

De réir chuspóirí an Rialtais maidir le hastaíochtaí a laghdú, is mian leis an mBord a thaifeadadh go foirmiúil go n-aithníonn sé an obair atá á déanamh ag Comhairle Contae Shligigh (lena roinneann an Bord cóiríocht oifige) chun na cúrsaí seo a thabhairt chun cinn. Tá oifigeach fuinnimh ceaptha ag an gComhairle agus beidh an t-oifigeach sin ag beartú agus ag cur tionscnamh i ngníomh mar chabhair leis na targaidí riachtanacha a chomhlíonadh. Cuireadh an tsaincheist ghinearálta seo ar a shúile don tiarna talún roimhe seo freisin, agus tá sé curtha in iúl dó gur dócha go mbeidh feabhsúcháin ag teastail ar struchtúr an fhoirgnimh chun é a thabhairt aníos chuig na caighdeáin riachtanacha. Ar leibhéal an Bhoird, ag brath ar an maoiniúchán a bheith ar fáil, cuimhneofar ar shoilsiú a bheidh níos tíosaí ó thaobh fuinnimh a chur in ionad roinnt den soilsiú agus tá an fhoireann á spreagadh, agus cairr á n-athrú acu, le carranna a cheannach a bheidh níos tíosaí ó thaobh breosla.

Riarachán agus Struchtúr an Bhoird

Cúlra
An tAire Fiontar agus Fostaíochta, mar a bhí an tráth sin, a bhunaigh Bord Fiontar Chontae Shligigh in 1993 leis an aidhm is go líonfaí bearna a bhí le feiceáil sna seirbhísí tacaíochta d'fhiontair áitiúla.

Tá an Bord ina chuid de líonra de Bhoird Fiontar Cathrach agus Contae a chuimsíonn an tír ar fad. Is é ról an Bhoird ná tacaíocht a sholáthar do thionsncóirí mionghnónna i bhfoirm chúnaimh deontais, ó thaobh scileanna bainistíochta cuideachta a fhorbairt agus comhairle, oiliúint, meantóireacht, comhairleoireacht agus faisnéis eile a sholáthar, chomh maith le cultúr fiontraíochta a fhorbairt sa Chontae.

Oibríonn Bord Fiontar Chontae Shligigh go dlúth le Comhairle Contae Shligigh agus Bardas Shligigh chomh maith le gníomhaireachtaí reachtúla agus forbartha áitiúla le haird a dhíriú ar an méid a d'fhéadfadh Contae Shligigh a bhaint amach ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, agus ar bhonneagar Chontae Shligigh chomh maith. Is ionann gach Bord Fiontar Chontae agus comhpháirtíocht idir gnónna áitiúla, grúpaí deonacha, na comhpháirtithe sóisialta (lena n-áirítear comhlachtaí gnó agus ceardchumainn), na gníomhaireachtaí stáit agus ionadaithe tofa áitiúla.

Comhlánaíonn Tionscnamh Fiontar an Chontae cláir ar nós *LEADER* agus na Cuideachtaí Comhpháirtíochta Ceantair a oibríonn i limistéir ainmnithe atá faoi mhíbhuntáiste. Is é a bhunús ná aicsean comhordaithe chun cabhrú le mionghnónna a laigeachtaí ó thaobh cúrsaí stuchtúracha a shárú.

Tá Bord Fiontar Shligigh lonnaithe ag Ionad Forbartha Shligigh, pointe aonteagmhála don fhorbairt áitiúil.

Feidhm
Is é ról an Bhoird ná tacaíocht a sholáthar do thionsncóirí mionghnónna i bhfoirm chúnaimh deontais, ó thaobh scileanna bainistíochta cuideachta a fhorbairt agus comhairle, oiliúint, meantóireacht, comhairleoireacht agus faisnéis eile a sholáthar, chomh maith le cultúr fiontraíochta a fhorbairt sa Chontae.

Foireann an Bhoird

Bhí foireann BFC Shligigh i rith 2010 comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

Príomhfheidhmeannach:	John Reilly
Príomhfheidhmeannach Cúnta:	Liam Kiely
Feidhmeannach Gnó:	Stephen Walshe
Riarthóir:	Mary Burns

Comhaltaí an Bhoird

An Chomhairle Áitiúil

Cmhlr. Jude Devins	Comhairle Chontae Shligigh
Cmhlr. Pat Mc Grath	Comhairle Chontae Shligigh
Cmhlr. Thomas Collery	Comhairle Chontae Shligigh
Cmhlr. Tony McLoughlin	Comhairle Chontae Shligigh

Gníomhaireachtaí Stáit

Rita Mc Nulty, Uas.	Stiúrthóir Pobail & Fiontar (go dtí Meán Fómhair 2010)
Carole Brenan, Uas.	Fiontraíocht Éireann
Anne McGovern, Uas.	FÁS
Sile Haran, Uas	Fóram um Shligeach a Mhargú

Comhpháirtithe Sóisialta

An tUas. Michael Farrell	Cumann Eagrais na gComharchumann in Éirinn
An tUas. Tom Kenny	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann/Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
An tUas. Declan Lavin	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann/Macra na Feirme
An tUas. Francis Brannigan	Comhdháil Cheardchumann na hÉireann

Ginearálta

Cmhlr. Gerry Mullaney	Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Shligigh
An tUas. Padraig Branley	An Earnáil Phríobháideach
Cmhlr. Albert Higgins	An Earnáil Phríobháideach

Coiste Meastóireachta

Brian Kelly	Comharchumann *Connacht Gold*
Bernard Waldron	Banc na hÉireann
Billy Somerville	An Earnáil Phríobháideach
Tim Leavy	Fiontraíocht Éireann
Tom Kilfeather	Comhairle Chontae Shligigh
Michael Quigley	Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Shligigh

Tinreamh Bhord na Stiúrthóirí

Tháinig Bord Fiontar Chontae Shligigh le chéile 7 n-uaire i rith bhliain 2010.

Ainm an Stiúrthóra	**Líon na gCruinnithe ar a raibh an Stiúrthóir incháilithe le freastal**	**Líon na gCruinnithe ar ar fhreastail an Stiúrthóir**
Cmhlr. Jude Devins	7	4
Albert Higgins	7	4
Cmhlr. Pat Mc Grath	7	5
Cmhlr. Thomas Collery	7	1
Cmhlr. Tony McLoughlin	7	5
Rita Mc Nulty, Uas.	3	1
Carole Brenan, Uas.	7	6
Anne McGovern, Uas.	7	2
Síle Haran, Uas.	7	3
An tUas. Michael Farrell	7	3
An tUas. Tom Kenny	7	6
An tUas. Declan Lavin	7	7
An tUas. Francis Brannigan	7	4
Cmhlr. Gerard Mullaney	7	6
An tUas. Padraig Branley	7	7

Faisnéis ó thaobh Staitisticí - Beart 1 – Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais

Deontais Prímeála

Deontas is ea Deontas Prímeála a thugtar do dhuine atá ag tionscnamh gnó, agus bíonn sé ar fáil do mhicreafhiontair laistigh den chéad 18 mí tar éis dóibh tús a chur leis an ngnó. D'fhéadfadh sciar de chúnamh in-aisíoctha a bheith san áireamh i gcúnamh na nDeontas Prímeála. Ní féidir leis an uasdeontas is iníoctha le haghaidh Deontas Prímeála dul os cionn 50% den infheistíocht nó os cionn €150,000, cibé suim is lú. Is eisceacht a bhíonn i gceist le deontais os cionn €80,000 agus chomh mór le €150,000, agus ní bhronntar iad ach amháin i gcás go léiríonn lucht micreaghnó go soiléir go bhfuil sé de chumas acu dul ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann agus/nó dul i mbun easpórtála go hidirnáisiúnta.

Deontas Forbartha

Is é an cuspóir ata ag Deontas Forbartha cabhrú leis an micrea-ghnó le linn chéim an fháis tar éis thréimhse tosaigh na 18 mí tar éis a thosaithe. D'fhéadfadh sciar de chúnamh in-aisíoctha a bheith san áireamh i gcúnamh na nDeontas Forbartha. Ní féidir leis an uasráta is iníoctha le haghaidh Deontas Forbartha dul os cionn 50% den infheistíocht nó os cionn €150,000, cibé suim is lú. Is eisceacht a bhíonn i gceist le deontais os cionn €80,000 agus chomh mór le €150,000, agus ní bhronntar iad ach amháin i gcás go léiríonn lucht micreaghnó go soiléir go bhfuil sé de chumas acu dul ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann agus/nó dul i mbun easpórtála go hidirnáisiúnta.

Deontais Indéantachta/Nuálaíochta:

Is é an cuspóir atá ag Deontais Indéantachta/Nuálaíochta cabhrú leis an tionscnóir agus é nó í ag déanamh taighde ar an éileamh sa mhargadh ar tháirge nó ar sheirbhís agus le scrúdú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an táirge nó na seirbhíse sin freisin. Ní féidir leis an uasdeontas Indéantachta/Nuálaíochta is iníoctha dul os cionn 60% den infheistíocht nó os cionn €20,000, cibé suim is lú.

Ceadaíodh 26 deontas in 2010 agus ba é iomlán na suimeanna a ceadaíodh ná €290,346 agus leithdháileadh €112,267 de sin mar Chúnamh In-aisíoctha. Den chúnamh neamh-in-aisíoctha, cúnamh Deontas Prímeála ab ea €69,294 de, ceadaíodh €71,705 mar chúnamh Deontais le Gnó a Fhorbairt agus ceadaíodh €37,080 mar Chúnamh le haghaidh Deontas Indéantachta.

Cuimsíonn suim €280,464 an chaiteachais suim €98,289 de Dheontais Prímeála, suim €152,605 de Dheontais le Gnó a Leathnú agus suim €29,570 de Dheontais Indéantachta.

Faisnéis ó thaobh Staitisticí – Beart 2 – Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta

Tá an beart um Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta ceaptha chun na scileanna agus an fhaisnéis atá riachtanach le cabhrú le mionghnónna agus iad ag fás agus ag forbairt, a sholáthar dóibh. Forálann sé le haghaidh gníomhartha a chabhraíonn le cultúr fiontraíochta a fhorbairt sa Chontae freisin.

D'infheistigh an Bord €244,665 san iomlán faoina Bheart um Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta in 2010. Cuimsíonn na gníomhartha faoin mbeart seo cláir oiliúna i scileanna gnó maidir le raon de shaincheisteanna éagsúla gnó, idirghabhálacha meantóireachta agus forbartha bainisteoireachta, seimineáir agus aontaí trádála, cláir scoileanna agus gréasánú.

Is iad seo a leanas samplaí de roinnt de na gníomhaíochtaí ar thug an Bord fúthu in 2010:

Gníomhaíochtaí Fiontraíochta a Chur Chun Cinn

Leanann an Bord ar aghaidh le bheith ag cur na fiontraíochta chun cinn ar fud an Chontae. Baineadh seo amach in 2010 le hailt agus fógráin mhíosúla sna meáin chumarsáide áitiúla, agallaimh agus fógráin ar an raidió agus rannpháirtíocht in imeachtaí áitiúla faisnéise. Chuir an Bord ábhar maidir lena chuid oibre i láthair grúpaí mac léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, agus ó Choláiste San Aingeal freisin, chomh maith le grúpaí pobail agus oiliúna éagsúla eile.

Gradaim Náisiúnta Fiontar

Clár gradam do mhicreaghnónna ar fud na tíre is ea Comórtas na nGradam Náisiúnta Fiontar, agus is tionscnamh é de chuid Ghréasán na mBord Fiontar Contae & Cathrach. Ba é an chuideachta áitiúil, *Verus Precision Ltd*., ionadaí Shligigh i gComórtas na nGradam Náisiúnta Fiontar, agus is é an anailís *moldflow*, an mhéadreolaíocht, dearadh táirgí agus bainistíocht tionscadal a speisialtacht. Reáchtáladh babhta ceannais na nGradam Náisiúnta Fiontar i mBaile Átha Cliath an 11ú Samhain, 2010. Sháraigh *Verus Precision* dianiomaíocht ó na hiontrálaithe eile le Gradam an '*Best Startup*' a bhuachan agus bhronn an tAire Trádála & Tráchtála, Billy Kelleher, T.D. a nGradam orthu.

Gradaim Fiontraíochta do Dhaltaí

I scoilbhliain 2009-2010, ghlac breis is 170 dalta ó 9 scoil dara leibhéal i gContae Shligigh páirt i gClár na nGradam Fiontraíochta do Dhaltaí de chuid Bhord Fiontar Shligigh. Tar éis dóibh an chraobh a thabhairt leo i mBabhta Ceannais Chontae Shligigh i mí an Mhárta, chuaigh daltaí idirbhliana *Mercy College*, Sligeach, a bhí ag obair ar mhionchuideachta '*Grow with a Grin*' ar aghaidh le seasamh ar son a Scoile agus a gContae ar leibhéal na Sinsear sa Bhabhta Ceannais Náisiúnta de na Gradaim Fiontraíochta do Dhaltaí, a reáchtáladh in Ionad Chomhdhála Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, an 27ú Aibreáin. B'ábhar mórtais do na cailíní, dá scoil agus do Bhord Fiontar Chontae Shligigh gur bhuaigh siad Gradam '*Special Merit*' ar an lá.

Cláir um Forbairt Scileanna Gnó

Tá sraith de chláir/cheardlanna oiliúna i gceist leis an gClár um Forbairt Scileanna Gnó, maidir le raon topaicí le haghaidh gnónna atá ag tosú amach agus dóibh siúd atá ann cheana féin araon. Reáchtáiltear tionscnaimh i gcaitheamh na bliana agus bíonn idir cheardlanna aon lae agus chláir níos faide i gceist leo, a reáchtáiltear i gcaitheamh sraith seachtainí agus míonna.

Cosúil le 2009, ba leanúnach an t-éileamh a bhí ann ó dhaoine ar áiteanna ar na Cláir '*Start Your Own Business*' de chuid an Bhoird, agus reáchtáladh 5 Chlár arna chreidiúnú ag *I.L.M.* i rith na bliana.

Chun leanúint ar aghaidh leis na cláir sin, reáchtáladh 2 chlár sa '*Basic Book-keeping and Taxation*', clár lena dtaispeántar d'fhiontraithe conas bunchóras leabharchoimeádta a bhunú, conas clárú le haghaidh Cánach agus Cánach Breisluacha, agus cén freagrachtaí atá orthu maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Reáchtáil an Bord Ceardlann leathlae dhá huair freisin, dar teideal '*Understanding Drawings*' arbh é an aidhm a bhí leis cabhrú le daoine a bhainistíonn a ghnó beag féin cur lena n-eolas ar na himpleachtaí a bhaineann le hairgead a 'tharraingt' as a ngnó, agus leis an mbealach le caitheamh mar is ceart lena leithéid ó thaobh cúrsaí cánach. Do chliaint a raibh cúnamh sonrach uathu maidir lena bplean gnó a chur le chéile, reáchtáil an Bord 2 cheardlann dar teideal '*Writing your Business Plan*'. Ritheadh na ceardlanna seo in imeacht lá go leith, agus bhí coicís ann idir an lá iomlán agus an leathlá deiridh, rud a thug am do rannpháirtithe a bplean gnó a chríochnú sula bhfaighidís aiseolas faoi. I gcomhar le Cuideachta Chomhpháirtíochta *LEADER* Shligigh, reáchtáil an Bord 2 cheardlann um Forbairt Ghnó a bhí dírithe go sonrach ar dhaoine a fhaigheann an Liúntas Fiontraíochta um Filleadh ar an Obair.

Reáchtáil an Bord roinnt Clár a bhain le cúrsaí Teicneolaíochta Faisnéise freisin. Ba é aidhm an Chláir '*SAGE Line 50 Improvers'* ná a chinntiú gur fheabhsaigh lucht úsáide *SAGE* a gcuid scileanna maidir le pacáiste seo na gcuntas ríomhairithe, agus cinntíodh leis an gClár '*Management Information Systems*' gur bhain gach Gnó a bhaineann úsáid as clár cuntas ríomhairithe an oiread úsáide as agus ab fhéidir dá ngnó. Reáchtáil an Bord roinnt idirghabhálacha a raibh sé d'aidhm acu scileanna na rannpháirtithe sna meáin shóisialta a fheabhsú. Reáchtáladh dhá Cheardlann dar teideal '*Facebook for the Small Business*' a mhair lá amháin agus a chabhraigh le rannpháirtithe a ngnónna a chur chun cinn go cruthaitheach costéifeachtach.

Reáchtálann an Bord Cláir freisin atá deartha chun cabhrú le gnónna Reachtaíocht a chomhlíonadh. Chuir an Clár '*HR, Recruitment & Good Employment Practices*' ar chumas rannpháirtithe a chinntiú go gcomhlíonfaidh a gcóras A.D. Reachtaíocht Fostaíochta reatha go hiomlán, agus rud eile a scrúdaíodh leis an gclár ab ea na roghanna malartacha atá ann chun costais fostaíochta a laghdú seachas tuarastail a ghearradh. Bíonn an-tóir ag micreaghnónna i Sligeach ar an gclár sin i gcónaí.

Sa réimse Díolachán & Margaíochta, reáchtáil an Bord Clár dar teideal '*ASK for more Business*' a reáchtáladh in imeacht dhá lá agus lenar díríodh ar láithrithe díolacháin a dhéanamh go héifeachtach, scileanna díolacháin a fhorbairt agus clabhsúr a chur le díolacháin. D'fhéach an Bord le cúnamh a sholáthar do ghnónna a bhí ag féachaint le gnó a bhuachan trí mheán na dtairiscintí - bhí an-tóir ag rannpháirtithe ar Cheardlann aonlae dar teideal '*Write a Winning Tender*'.

Ó thaobh cúrsaí Airgeadais, reáchtáil an Bord roinnt tionscnamh. Eagraíodh seimineár saor in aisce dar teideal '*Currency Hedging* & *Letters of Credit*' i gcomhar le hoifigeach Cistíochta ó mhórbhanc Éireannach. Bhí an seimineár dírithe ar chúnamh praiticiúil a sholáthar do na gnónna sin a bhíonn i mbun earraí/seirbhísí a easpórtáil nó a impórtáil nó íoc as a leithéid ón gcoigríoch. Chabhraigh Ceardlann dar teideal '*Costing & Pricing*' le rannpháirtithe córais chostála agus phraghsála araon a fhorbairt dá ngnónna, agus chinntigh go raibh cinntí maidir le praghasanna á ndéanamh acu ar bhonn na faisnéise cirte. Ba é aidhm an Chláir '*Financial Management & Taxation*' eolas na rannpháirtithe ar chóras Cánachais na hÉireann a mhéadú do lucht gnónna beaga, agus comhairle phraiticiúil a thabhairt do ghnónna maidir leis an mbealach le déileáil lena mBanc nó leis na Coimisinéirí Ioncaim i gcás go mbeadh deacrachtaí ag dul dóibh mar gheall ar an lagtrá eacnamaíochta.

Líonadh breis is 330 áit ar chláir oiliúna éagsúla i rith na bliana.

Seó Taispeántais

Chabhraigh an Bord le 3 gnó cheardaíochta le freastal ar *Showcase*, an t-ardaonach trádála don earnáil Cheardaíochta in Éirinn. Bíonn an tAonach ina dheis mhór do ghnónna ceardaíochta a gcuid táirgí a chur chun cinn, agus ceannaitheoirí as breis is 30 tír ag freastal air. Rinne Bord Fiontar Chontae Shligigh urraíocht ar sheastán ag an imeacht agus chuir na gnónna rannpháirteacha táirgí éagsúla ar taispeáint lena n-áirítear potaireacht, seodra lámhdhéanta agus oiriúintí/táirgí faisin.

Meantóireacht

Soláthraíonn Clár Meantóra Bhord Fiontar Chontae Shligigh tacaíocht duine-le-duine do ghnónna agus d'fhiontair áirithe phobail chun cabhrú leo cuspóirí sonracha a bhaint amach, leas a bhaint as deiseanna ar leith agus fadhbanna ina gcuid oibriúcháin ghnó a réiteach.

Éiríonn go maith leis an gclár agus tarlaíonn sé sin de bharr na n-idirghabhálacha spriocdhírithe agus an fhreagrúlacht agus an tsolúbthacht a bhaineann leis. Tá painéal de shainchomhairleoirí gnó ag an mBord a bhfuil idir shainchumas ginearálta gnó agus eolas speisialaithe gnó acu i réimsí a bhaineann go díreach le gnónna. Sannadh meantóirí chun obair a dhéanamh i raon réimsí difriúla amhail forbairt an ghnó, díolacháin a fhorbairt, margaíocht, cúrsaí airgeadais a struchtúrú agus a bhainistiú, costáil & buiséadú, r-ghnó a fhorbairt, comhairle maidir le paitinní agus a bheith ag cur isteach orthu, acmhainní daonna a fhorbairt, srl.

Bhain 60 mhionghnó i gCo. Shligigh leas as Clár Meantóireachta an Bhoird i rith 2010.

Tacaíocht le Margadh a Fhorbairt

Tugadh cúnamh i bhfoirm Tacaíochta le Margadh a Fhorbairt do 3 ghnó i rith na bliana.

Gréasán *Mná i mBun Gnó* Shligigh

Bhunaigh Bord Fiontar Chontae Shligigh Gréasán *Mná i mBun Gnó* Shligigh in 2004 le tacaíocht ón gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas. Éascaíonn an Bord leis an ngréasán faoina Bheart 'Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta'. Spreagann an gréasán forbairt na fiontraíochta i measc na mban agus cuireann sé an gréasánú ar mhaithe le gnó chun cinn chomh maith le feabhsú ar scileanna. Bhí 11 chruinniú den ghréasán ag Clár *Mná i mBun Gnó* i rith na bliana. Cheadaigh an Bord maoiniúchán in 2010 go leanfaí ar aghaidh le tacaíocht chun éascú leis an ngréasán i mbliain 2011.

Deontais a Íocadh in 2010

Tá liosta na ndeontas a d'íoc an Bord in 2010 ar fáil thíos.

Deontais Prímeála Gnó 2010

Faighteoir Deontais	Earnáil	Suim an Chúnaimh Neamh-In-Aisíoctha (€)	Suim an Chúnaimh In-Aisíoctha (€) (€)	Iomlán (€)
Sile Quinlan-Out 4 Less	Leabhar Dearbhán Lascainí	7,500	0	7,500
Sinead Dolan-Lough Bo Films	Léiriú Scannán	2,726	1,468	4,194
Tegre Sliding Wardrobes Ltd.	Déanamh Vardrús/Troscán Saindeartha	2,438	1,312	3,750
Tom Hobson-Locus GIS	Suíomh & Mapáil Dhinimiciúil Sonraí	1,250	241	1,491
The Book Nest Ltd.	Seirbhís Soláthair Leabharlainne	4,760	3,173	7,933
Restored Hearing Ltd.	Teiripe idirlín le tinniteas a fheabhsú	4,453	1,909	6,362
Quickcrop Ltd.	Pacáistí feistiúcháin le haghaidh garraithe glasraí	4,647	1,991	6,638
Alive Outside Ltd.	Bainistiú Imeachtaí Spóirt	6,211	2,662	8,873
Solutions for Processes Ltd.	Dearadh Córas Monatóireachta Uisce	5,250	2,250	7,500
Ireland Fishing Trips Ltd.	Eagrú Saoirí Iascaireachta do Thurasóirí	298	0	298
Easkey Precision Ltd.	Déanamh Comhchodanna Beachta	0	40,000	40,000
Environmental Accounting Services Ltd.	Gnó Bainistíochta Carbóin & Comhshaoil	2,625	1,125	3,750

Deontais Forbartha Gnó 2010

Faighteoir Deontais	Earnáil	Suim an Chúnaimh Neamh-In-Aisíoctha (€)	Suim an Chúnaimh In-Aisíoctha (€) (€)	Iomlán (€)
D.F. Pharma Ltd.	Múnlú Insteallta	26,757	13,379	40,136
J. Grant Water Systems	Seirbhísí Caidéal & Cóireála Uisce	3,750	0	3,750
Joe Kelly Fruit & Veg	Torthaí & Glasraí Ullmhaithe	11,250	3,750	15,000
Verus Precision Ltd.	Soláthar Seirbhíse Méadreolaíochta & *Moldflow*	5,250	2,250	7,500
Usher Aviation Ltd.	Cothabháil & Comhairliúchán Eitlíochta	2,438	1,312	3,750
Tegre Sliding Wardrobes Ltd.	Déanamh Vardrús/Troscán Saindeartha	7,000	3,000	10,000
LiveTrad	Seisiúin Cheol Traidisiúnta na hÉireann a shruthú ar an Idirlíon	7,874	3,375	11,249
Gareth Mc Cormack	Grianghrafa-dóireacht Idirlín	4,750	0	4,750
Sile Quinlan–Out 4 Less	Leabhar Dearbhán Lascainí	2,050	0	2,050
Usher Aviation Ltd.	Cothabháil & Comhairliúchán Eitlíochta	1,875	1,875	3,750
Verus Precision Ltd.	Soláthar Seirbhíse Méadreolaíochta & *Moldflow*	8,100	5,400	13,500
O'Hara Gutters Ltd.	Córais Báistí d'Iarainn Theilgthe a Athchóiriú	9,649	4,135	13,784
Collooney Community Enterprises Ltd.	Soláthar & Bainistiú Spásanna Oibre	795	341	1,136
Usher Aviation Ltd.	Cothabháil & Comhairliúchán Eitlíochta	7,500	7,500	15,000
V & PB Construction Ltd.	Déanamh Cruach Tógála	5,075	2,175	7,250

Deontais Indéantachta/Nuálaíochta:

Faighteoir Deontais	Earnáil	Suim an Chúnaimh Neamh-In-Aisíoctha (€)	Suim an Chúnaimh In-Aisíoctha (€) (€)	Iomlán (€)
Brian Mulligan	Fiontar Oideachais *Open Learning* a Fhorbairt	2,944	0	2,944
Julian Cohen	Imscrúdú faoi naisc aeir idir Sligeach agus an Ríocht Aontaithe a fhorbairt	1,611	0	1,611
Breege Brennan	Gnó léiriúcháin raidió neamhspleáigh a fhorbairt	2,954	0	2,954
Brunhilde Wilke	Fiontar Déantúsaíochta Cluichí Cláir a fhorbairt	3,478	0	3,478
Collette Hamilton	Feidhmchlár siúil & aclaíochta do ghutháin shoghluaiste a fhorbairt	6,350	0	6,350
Perfect Pints Ltd.	Feidhmchlár margaíochta sna meáin shóisialta a fhorbairt d'fhóin shoghluaiste	10,000	0	10,000
Kevin Brady	Oifig fhíorúil a fhorbairt tríd an néal-ríomhaireacht	2,233	0	2,233

Bord Fiontar Chontae Shligigh Teo.
Ionad Forbartha Shligigh
Bóthar Cleveragh
Sligeach

Teil: 071 9144779 Faics: 071 9146793

r-phost: info@sligoenterprise.ie
láithreán gréasáin: www.sligoenterprise.ie

Dréacht-Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais Bhord na Stiúrthóirí i leith na tréimhse 1ú Eanáir 2010 go dtí 31ú Nollaig 2010

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

Clár:

		Leathanach
1.	Ballraíocht an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta	2 – 3
2.	Tuairisc na Stiúrthóirí agus Ráiteas um Freagrachtaí Stiúrthóirí	4 – 5
3.	Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	6 – 7
4.	Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	8 – 9
5.	Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta	10 – 11
6.	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12
7.	Clár Comhardaithe	13
8.	Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	14 – 23

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Comhaltaí an Bhoird

An Chomhairle Áitiúil

Cmhlr. Jude Devins	Comhairle Chontae Shligigh
Cmhlr. Thomas Collery	Comhairle Chontae Shligigh
Cmhlr. Pat McGrath	Comhairle Chontae Shligigh
Cmhlr. Tony McLoughlin	Comhairle Chontae Shligigh

Gníomhaireachtaí Stáit

Rita McNulty, Uas. (D'éirigh as 17/09/2010)	Stiúrthóir Pobail & Fiontair
Anne McGovern, Uas.	FÁS
Carole Brenan, Uas.	Fiontraíocht Éireann

Comhpháirtithe Sóisialta

An tUas. Michael Farrell	Cumann Eagrais na gComharchumann in Éirinn
An tUas. Tom Kenny	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann/Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
An tUas. Declan Lavin	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann/Macra na Feirme
An tUas. Francis Brannigan	Comhdháil Cheardchumann na hÉireann

Ginearálta

Cmhlr. Gerard Mullaney	Cuideachta Chomhpháirtíocht *LEADER* Shligigh
An tUas. Padraig Branley	An Earnáil Phríobháideach
An tUas. Albert Beckett Higgins	An Earnáil Phríobháideach
Síle Haran, Uas.	Fóram um Shligeach a Mhargú

Coiste Meastóireachta

An tUas. Brian Kelly	Comharchumann *Connacht Gold*
An tUas. Bernard Waldron	Banc na hÉireann
An tUas. Gerry O'Brien	Fiontraíocht Éireann
An tUas. Tom Kenny	Comhairle Chontae Shligigh
An tUas. Michael Quigley	Cuideachta Chomhpháirtíocht *LEADER* Shligigh

Rúnaíocht

John Reilly, Príomhfheidhmeannach
Liam Kiely, Príomhfheidhmeannach Cúnta
Stephen Walshe, Feidhmeannach Gnó
Mary Burns, Oifigeach Cléireachais

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Rúnaí	John Reilly
Príomhfheidhmeannach	John Reilly
Oifig Chláraithe	Ionad Forbartha Shligigh, Bóthar Cleveragh Sligeach.
Uimh. Chlárúcháin na Cuideachta:	233514
Iniúchóirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Áras an Státchiste Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Banc na hÉireann Sráid Stiofán Sligeach.
Aturnaetha	Aturnaetha Hegarty agus Armstrong Teach na Mílaoise Sráid Stiofán, Sligeach.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 i láthair.

Príomhghníomhaíocht
Bunaíodh Bord Fiontar Chontae Shligigh Teo. in 1993, agus tá sé cómhaoinithe ag an Rialtas agus ag an Aontas Eorpach faoi Chlár Chistí Struchtúracha na hÉireann an AE 2007-2013.

Soláthraíonn an Bord cúnamh deontais agus tacaíocht nach tacaíocht airgeadais é i dtreo tionscadal eacnamaíochta ar mhionscála a ghineann poist inbhuanaithe nua. Tugann an Bord tacaíocht le bonneagar feabhsaithe eacnamaíochta a fhorbairt ag leibhéal áitiúil freisin agus oibríonn sé go dlúth le gníomhaireachtaí eile maidir leis seo.

Torthaí agus Díbhinní
Tá na torthaí don bhliain leagtha amach ar leathanach 12-23.

Sláinte agus Sábháilteacht Fostaithe
Tá sé ina bheartas ag an gcuideachta sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe a chinntiú trí áit agus córas sábháilte oibre a choinneáil ar bun. Tá an beartas seo bunaithe ar cheanglais reachtaíochta fostaíochta arna gcuimsiú san Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Imeachtaí a Tharla Tar Éis an Chláir Chomhardaithe
Níl aon ábhair ná cúinsí tagtha chun cinn ó dheireadh na tréimhse airgeadais a chuaigh i bhfeidhm nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go suntasach ar oibriúcháin na cuideachta, ar thorthaí na n-oibriúchán sin nó ar an mbail a bheidh ar ghnóthaí na cuideachta i mblianta airgeadais tar éis na tréimhse airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2010.

Stiúrthóirí
Tá stiúrthóirí na cuideachta leagtha amach ar leathanach 2.

Iniúchóirí
Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as an mBord a iniúchadh de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

Ráiteas um Freagrachtaí Stiúrthóirí
Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais, a thugann léargas fíorcheart ar an mbail atá ar ghnóthaí na cuideachta agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas don bhliain sin, a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhealach leanúnach.
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- na ráitis a ullmhú ar an mbonn gur gnóthas leantach atá i gceist ach amháin sa chás go mbíonn an bonn sin míchuí.
- rá ar leanadh caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta, ach aon uair nár cloíodh leo go hábhartha a bheith nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Bíonn na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, a nochtaíonn, le cruinneas réasúnach tráth ar bith riocht na cuideachta ó thaobh cúrsaí airgeadais, agus le cur ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009. Bíonn siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh le calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath dá bharr sin.

Leabhair Chuntais
Lena chinntiú go gcoinnítear leabhair chuntais agus taifid chuntasaíochta chuí de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990, d'fhostaigh an chuideachta seirbhísí gnólachta cuntasóirí cáilithe agus choinnigh sí córais chuntasaíochta chuí ar bun. Tá na leabhair chuntais lonnaithe ag oifig chláraithe na cuideachta.

Cathaoirleach

Stiúrthóir

RÁITEAS FAOIN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Chontae Shligigh Teoranta, admhálaim ár bhfreagracht as a chinntiú go bhfeidhmítear agus go gcoinnítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais ar bun.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta i gceart, agus go mbítear ag teacht roimh earráidí nó mhírialtachtaí ábhartha nó go mbrathfaí go tráthúil iad.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta déanta ag an mBord le timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- fhreagrachtaí bainisteoireachta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le haghaidh teipeanna suntasacha ó thaobh rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomhartha ceartaitheacha cuí a chinntiú.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord le rioscaí gnó a aithint agus le meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí sin trí

- cineál, fairsingeacht agus impleacht ó thaobh cúrsaí airgeadais, a bhaineann le rioscaí atá roimh an gcomhlacht, a aithint, lena n-áirítear fairsingeacht agus catagóirí na rioscaí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- a dhóichí go dtarlóidh rioscaí aitheanta, a mheasúnú;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta leis na rioscaí a tharlaíonn, a bhainistiú agus a mhaolú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú, i gcomparáid leis an sochar a fhaightear dá mbarr.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, de nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a dhealú, agus de chóras tarmligin agus cuntasachta. Go háirithe, cuimsíonn sé:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann Bord na Stiúrthóirí athbhreithniú air agus a bhíonn á chomhaontú acu;
- athbhreithnithe rialta ag Bord na Stiúrthóirí ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais, a thugann feidhmíocht ó thaobh cúrsaí airgeadais i gcoinne réamh-mheastachán le fios;
- socrú targaidí chun feidhmíocht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus nithe nach é, a thomhas;
- treoirlínte um rialú infheistíochta caiptiúla, atá sainmhínithe go soiléir;
- disciplíní foirmiúla ó thaobh mar a bhainistítear tionscadail.

Tá feidhm um iniúchóireacht inmheánach forbartha ag Bord Fiontar Chontae Shligigh Teoranta a chomhlíonann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Treoraíonn anailís ar an riosca a bhfuil an comhlachta nochtaithe dó, obair na hiniúchoireachta inmheánaí, agus bíonn pleananna bliantúla um iniúchóireacht inmheánach bunaithe ar an anailís seo. Ceadaíonn an Coiste Iniúchóireachta an anailís ar riosca agus na pleananna um iniúchóireacht inmheánach agus ceadaíonn Bord na Stiúrthóirí iad. Soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht inmheánach iniúchóireachta don bhord ar bhonn bliantúil ar a laghad. Bíonn tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar dhóthanacht agus ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais san áireamh sa tuarascáil.

RÁITEAS FAOIN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Treoraíonn obair an iniúchóra inmheánaigh an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais, faoi mar a threoraíonn an Coiste Iniúchóireachta, a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Bhord Fiontar Chontae Shligigh Teoranta, a bhfuil freagracht orthu as an gcreatlach um rialú airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, agus tráchtnótaí arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athreithniú Bliantúil ar Rialuithe
Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais i gcomhair 2010.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

Cathaoirleach

Dar Dáta: 27/6/2011

RÁITEAS UM BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Bonn ar a nDearnadh an Obair Chuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi mhodh cuntasaíochta na bhfabhruithe, agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais. Téitear le Caighdeáin um Thuairisceoireacht Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

2. Sócmhainní Seasta agus Luachlaghdú

Cuirtear Sócmhainní Seasta in iúl ar a gcostas nó luacháil stairiúil lúide luachlaghdú carntha.

Cuirtear luachlaghdú de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais, ar bhonn dronlíneach, ar na rátaí arna leagan amach thíos, ionas go ndíscríobhfar na sócmhainní, arna gcoigeartú ó thaobh an luach iarmharach measta a bheidh orthu, thar an achar ama a bheifí ag súil go mbeadh úsáid leo.

Troscán	12½%
Trealamh	20%

3. Deontais ó Fhiontraíocht Éireann

Tugtar cuntas i ndeontais ó Fhiontraíocht Éireann ar bhonn fabhruithe. Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann na Deontais sin thar ceann an Aire Fiontar, Trádála agus Nualaíochta.

4. Deontais Iníoctha

Fabhraítear deontais sna ráitis airgeadais nuair a bhíonn coinníollacha ráite comhlíonta acu siúd dá dtugtar deontais.

5. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim ar baineadh úsáid as chun críocha caipitiúla.

6. Ciste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann (*IFI*)

Chuaigh an Bord isteach i gcomhghuaillíocht straitéiseach leis an *IFI* chun raon tacaí a sholáthar d'fhiontair nua agus d'fhiontair atá ag leathnú san earnáil mhicrea-ghnó. Tá cuspóirí an chláir aitheanta agus curtha i gcatagóirí faoi fho-chláir mar seo a leanas:

- Margaíocht
- Tacaíocht Riaracháin
- Tionscnaimh Oiliúna

7. Ioncam Iarchurtha

Aithnítear aisíocaíochtaí i gcúnamh in-aisíoctha mar ioncam nuair a fheidhmítear iad mar chúnamh airgeadais d'fhiontair eile. Is ionann Ioncam Iarchurtha agus cúnamh in-aisíoctha a fuarthas ó fhiontair ar cabhraíodh leo ach nár feidhmíodh mar sin go fóill.

RÁITEAS UM BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

8. Tionscnamh *Mná i mbun Gnó*

Tá an Tionscnamh *Mná i mbun Gnó* maoinithe faoi Chlár Bhainistiú ar Fhorbairt Cheantair / na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta de chuid an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas.

9. Tradelinks

Clár forbartha gnó is ea *Tradelinks* atá deartha chun cabhrú leis an earnáil mhicrifhiontraíochta trasna chontaetha na Teorann, mar atá, Liatroim, Muineachán, an Cabhán, Lú, Sligeach agus Dún na nGall agus Tuaisceart Éireann. Tionscnamh comhpháirtíochta is ea *Tradelinks* idir *Enterprise NI*, gréasán na nGníomhaireachtaí Fiontar áitiúla, agus Boird Fiontar Chontaetha Liatroma, Mhuineacháin, an Chabháin, Lú, Shligigh agus Dhún na nGall, agus tacaíonn clár *Interreg IIIA* an AE d'Éirinn/Thuaisceart Éireann leis chomh maith le *Invest NI* agus an Ciste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann. Tugtar cuntas i ndeontais a fhaightear i ndáil le *Tradelinks* ar bhonn fabhruithe.

10. Aoiliúntas agus FRS17: Pinsin

Foráiltear le hAlt 10 (4) (g) den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995 go bhféadfaidh Boird Fiontar Contae cibé pearsanra (lena n-áirítear príomhfheidhmeannach) a fhostú ar cibé bealach agus téarmaí arna gceadú ag an Aire (le toiliú an Aire Airgeadais) de réir mar atá inmhianaithe nó riachtanach dar leis an mBord lena chuspóirí a thabhairt ar aghaidh.

Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, go dtabharfaí Scéimeanna Aoisliúntais agus Scéimeanna Aoisliúntais do Chéilí agus Leanaí gaolmhara isteach don Bhord. Tugadh Scéimeanna Aoisliúntais isteach d'fhoireann an Bhoird in 2008 agus ar feitheamh iad a bheith faofa go foirmiúil, d'údaraigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, don Bhord na scéimeanna a fheidhmiú, bunaithe ar an Scéim Aoisliúntais Eiseamlárach do Státseirbhísigh, ar bhonn riaracháin. Feidhmítear an scéim ar bhonn "íoc mar a úsáidtear", rud a chiallaíonn nach ndéantar sochair a réamh-mhaoiniú trí ranníocaíochtaí a thabhairt do chiste ar leithligh atá faoi rialú iontaobhaithe.

Is éard atá i gceist leis na socruithe ná go n-íoctar ranníocaíochtaí fostaithe le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, agus go gcuireann an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta cistí ar fáil don Bhord trí Fhiontraíocht Éireann, le costas na sochar a ghlanadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

Faoi láthair, tá an Roinn ag cuimhneamh ar an bhféidearthacht ó thaobh na scéimeanna a athstruchtúrú go mbeidh siad ina scéimeanna lena gcuimseofar na Boird Fiontar Contae ar fad.

Ar feitheamh na neamhchinnteachtaí seo faoi na scéimeanna a bheith réitithe, níor chuir an Bord forálacha FRS17 i ngníomh maidir le scéim shochair shainithe a nochtadh.

CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS
Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Ioncam			
Deontais ó Fhiontraíocht Éireann	1	795,219	920,788
Tradelinks	6	69,464	-
Cúnamh le hÍoc Ar Ais	3	56,009	34,443
Ioncam Eile	1(B)	15,075	23,349
		935,767	978,580
Aistriú (chuig)/ ó Chuntas Caipitil	9	4,058	6,059
Iomlán		939,825	984,639
Caiteachas			
Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais	2	280,464	323,834
Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta	4	244,665	271,607
Riarachán /*First Stop Shop*	7	345,232	389,198
Tradelinks	6	69,464	-
Iomlán		939,825	984,639
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		-	-

Níl aon ghnóthachain nó chaillteanais sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimpi sin seachas iad siúd lenar pléadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Baineann na torthaí don bhliain le hoibriúcháin leanúnacha. Tá an ráiteas um beartais chuntasaíochta, in éineacht le nótaí 1 go dtí 17, ina chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Cathaoirleach Stiúrthóir Príomhfheidhmeannach

CLÁR COMHARDAITHE
mar a bhí an 31ú Nollaig, 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	8	4,838	8,896
Sócmhainní Reatha			
Deontais ó Fhiontraíocht Éireann atá dlite		20,215	28,809
Mná i mbun Gnó	7	-	-
Fiachóirí		1,780	5,967
Banc agus Airgead Tirim		117,908	99,629
		139,903	134,405
Dliteanais Reatha			
Ciste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann		(28,276)	(28,276)
Tradelinks	6	(886)	(15,719)
Creidiúnaithe agus fabhruithe		(28,712)	(25,252)
Ioncam Iarchurtha	3	(82,029)	(65,158)
		(139,903)	(134,405)
Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)		-	-
Glansócmhainní		4,838	8,896
Arna Airgeadú ag:			
Cuntas caipitil	9	4,838	8,896
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		-	-
		4,838	8,896

Tá an ráiteas um beartais chuntasaíochta, in éineacht le nótaí 1 go dtí 17, ina chuid de na Ráitis Airgeadais.

Cathaoirleach Stiúrthóir Príomhfheidhmeannach

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Maoiniúchán agus caiteachas an bhoird

Fiontar Áitiúil

Foráiltear le hAlt 10(2) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995, go n-íocfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta deontais leis an mBord. Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 655 de 2006, íocann Fiontraíocht Éireann deontais thar ceann an Aire. Feidhmítear caiteachas a dhéanann an Bord ar bhearta faoin bhFo-Chlár um Fiontraíocht Áitiúil a Fhorbairt, clár atá ina chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013.

Is iad seo a leanas na bearta: -

Beart 1 - Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais

Beart 2 - Forbairt na Fiontraíochta agus na hInniúlachta

1 (B). Ioncam Eile

	2010	**2009**
	€	**€**
Táillí do Chúrsaí – Tacaíocht do Thionscadail & don Fhiontraíocht	14,767	23,067
Ús Faighte ón mBanc	308	282
	15,075	23,349

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2. Cúnamh roghnaíoch airgeadais

Déanann an Bord tairiscintí i leith cúnaimh deontais – deontais, má ghlactar leo, a fhanann bailí mar ghealltanas de chuid an Bhoird ar feadh tréimhse sonraithe nó sna cúinsí arna sonrú agus iad á gceadú. Ba é suim an mhaoiniúcháin arna sholáthar ag an Roinn le Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais a íoc in 2010 ná €224,455. Is mar seo a leanas a d'eascair gealltanais an Bhoird a bhí fós le comhlíonadh ag an 31 Nollaig 2010:

	Deontais	**Cúnamh Deontais le hÍoc Ar Ais**	**Iomlán**
	€	**€**	**€**
Gealltanais ag an 1 Eanáir	140,497	42,029	182,526
Suimeanna arna gCeadú	178,079	112,267	290,346
	318,576	154,296	472,872
Dígheallta			
- Suimeanna Ceadaithe Roimh 2010	(50,183)	(12,216)	(62,399)
-Suimeanna Ceadaithe in 2010	(848)	(356)	(1,204)
	(51,031)	(12,572)	(63,603)
Caiteachas	(177,153)	(103,311)	(280,464)
Gealltanais ag an 31 Nollaig	90,392	38,413	128,805
	======	=======	======

Cuimsíonn suim €280,464 an chaiteachais suim €98,289 de Dheontais Prímeála, suim €152,605 de Dheontais le Gnó a Leathnú agus suim €29,570 de Dheontais Indéantachta.

Is mar seo a leanas a chuathas isteach i ngealltanais a bhí fós le comhlíonadh ag an 31 Nollaig 2010:

	€
Roimh an 31ú Nollaig 2009	-
I ndiaidh an 1ú Eanáir 2010	128,805

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

3. Cúnamh Deontais In-Aisíoctha

(a) Infheistíochtaí

Ba é an tsuim a infheistíodh trí ghnáthscaireanna agus/nó scaireanna tosaíochta ná €0 ag 31 Nollaig 2008.

(b) Cúnamh Deontais le hÍoc Ar Ais

Ní féidir aisíocaíochtaí i gCúnamh atá le hÍoc Ar Ais a úsáid ach amháin chun tuilleadh deontas faoi Bheart 1 a mhaoiniú. D'fhéadfadh €362,518, a tugadh ar airleacan trí dheontais a bhí le híoc ar ais, a bheith le haisíoc an 31 Nollaig 2010.

	2010	**2009**
	€	**€**
Iarmhéid an 1ú Eanáir	332,087	292,645
Arna eisiúint sa bhliain	103,311	103,194
Arna íoc ar ais sa bhliain	(72,880)	(63,752)
Arna dhíscríobh sa bhliain	(16,782)	0
Iarmhéid an 31ú Nollaig	345,736	332,087
Dlite faoi cheann 12 mhí	73,081	66,839
Dlite tar éis 12 mhí	272,655	265,248

Déanann an Bord athbhreithniú ar iarmhéideanna atá dlite agus sa chás go measann sé nach dócha go ndéanfar aisíocaíocht, déanfaidh an Bord an cinneadh an tsuim sin a dhíscríobh. Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas in 2010.

	2010
	€
Nealis Stainless Steel	11731
Noel Burke, DBX Communications	2426
Stephanie Timmons	2625

(c) Mar a Ath-leithdháileadh Fáltais de Chúnamh In-aisíoctha

	2010 €	2009 €
Iarmhéid na bhFáltas de Chúnamh In-aisíoctha ag 1 Eanáir	65,158	35,849
Íocaíochtaí Cúnaimh In-aisíoctha arna dTabhairt ar Aghaidh ó Ioncam Iarchurtha	(56,009)	(34,443)
Fáltais de Chúnamh In-aisíoctha: Aisíocaíochtaí	72,880	63,752
Iarmhéid na bhFáltas de Chúnamh In-Aisíoctha ar láimh an 31 Nollaig	82,029	65,158

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

4. Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta (Beart 2)

		2010		**2009**
		€		**€**
Cláir Fhorbartha Bainistíochta	30,232		-	
Oiliúint		78,558		122,188
Meantóireacht		92,507		103,159
Oideachas Fiontraíochta		10,823		19,637
An Fhiontraíocht a chur chun cinn		27,314		19,502
Eile		5,231		7,121
		244,665		271,607

5. Tionscnamh *Mná i mbun Gnó*

	2010	2009
	€	**€**
Iarmhéid an 1ú Eanáir	-	(5,809)
Fáltais:		
- Aistriú chuig Cuntas na dTionscadal agus na Fiontraíochta	-	5,809
	-	-
Caiteachas ar Ghníomhartha an Tionscnaimh		
Comhairliúchán	-	-
Meastóireacht	-	-
Riarachán	-	-
	-	-
Iarmhéid an 31ú Nollaig	-	-

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

6. *Tradelinks*

	2010 €	2009 €
Iarmhéid an 1ú Eanáir	15,719	15,719
Fáltais	54,631	-
	70,350	15,719
Caiteachas ar Ghníomhartha an Tionscnaimh		
Comhairliúchán	(69,464)	-
Riarachán	-	-
	(69,464)	-
Iarmhéid an 31ú Nollaig	886	15,719

7. Costais Riaracháin /*First Stop Shop*

		2010 €	2009 €
Turastail	Nóta 11	249,496	291,018
Speansais taistil		14,420	14,131
Lóistín		36,466	36,466
Speansais Oifige		21,886	22,236
Táillí Iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste		6,392	6,392
Táillí Cuntasaíochta		6,207	6,255
Árachas		6,019	5,722
Luachlaghdú		4,346	6,978
		345,232	389,198

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

8. Sócmhainní Seasta

	Troscán	Trealamh	Iomlán
	€	€	€
Costas/Luacháil			
Iarmhéid an 1ú Eanáir, 2010	7,514	29,737	37,251
Breiseanna	-	288	288
Diúscairtí	-	-	-
Iarmhéid an 31ú Nollaig, 2010	7,514	30,025	37,539
Luachlaghdú Carntha			
Iarmhéid an 1ú Eanáir, 2010	5,376	22,979	28,355
Táille arna ghearradh don bhliain	541	3,805	4,346
Diúscairtí	-	-	-
Iarmhéid an 31ú Nollaig, 2010	5,917	26,784	32,701
Leabharluach Glan an 31ú Nollaig 2010	1,597	3,241	4,838
Leabharluach Glan an 1ú Eanáir 2010	2,138	6,758	8,896

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

9. Cuntas Caipitil

	2010 €	2009 €
Iarmhéid an 1ú Eanáir	8,896	14,955
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Cistí arna leithdháileadh le sócmhainní seasta a fháil	288	919
Suim arna hamúchadh de réir mar a laghdaíodh luach sócmhainní	(4,346)	(6,978)
	(4,058)	(6,059)
Iarmhéid an 31ú Nollaig	4,838	8,896

10. Cánachas

Níl aon soláthar déanta le haghaidh cánachais sna ráitis airgeadais.

11. Fostaithe agus luach saothair

Ba é €249,496 suim iomlán chostais luach saothair an Bhoird, atá curtha de mhuirear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar seo a leanas:

	2010 €	2009 €
Riarachán	249,496	291,018

Ba é ceathrar meánlíon na foirne i rith na tréimhse. Tá duine den fhoireann faighte ar iasacht ó Chomhairle Contae Shligigh agus den triúr eile, bhí duine faighte ar iasacht ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar dtús agus is san earnáil phríobháideach a bhí an bheirt bhall eile den fhoireann fostaithe i dtosach báire. Cé go dtuairiscítear na costais luach saothair ar fad mar riarachán, soláthraíonn fostaithe an Bhoird Fiontar Contae ról leanúnach comhairle agus tacaíochta forbartha d'fhiontair bheaga. Baineadh €17,484 den fhoireann tríd an tobhach pinsin agus íocadh le Fiontraíocht Éireann é.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

12. Aoisliúntas

Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtabharfadh gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach Scéimeanna Aoisliúntais agus Scéimeanna Aoisliúntais do Chéilí agus Leanaí gaolmhara isteach, le tosú an 2ú Aibreán 2008. Tugadh an rogha d'fhostaithe uile an Bhoird dul isteach sa scéim ar an dáta sin. Roghnaigh triúr ball foirne incháilithe dul isteach sa scéim seo. Tá eilimint i leith aoisliúntais san áireamh le haisíoc na gcostas tuarastail a bhaineann le hoifigeach amháin atá tugtha ar iasacht don Chomhairle.

13. Ciste Idirnáisiúnta ar son na hÉireann (*IFI*)

	2010	**2009**
	€	**€**
Iarmhéid an 1ú Eanáir	28,276	28,276
Fáltais:		
- Fáltais an chláir	-	-
- Táillí / Ús	-	-
	28,276	28,276
Suimeanna arna bhfeidhmiú:		
- Tionscnaimh Oiliúna	-	-
- R-Thrádáil	-	-
- Tacaíocht Riaracháin	-	-
- Clár Bia	-	-
	-	-
Iarmhéid an 31ú Nollaig	**28,276**	**28,276**
	=====	=====

14. Táillí na Stiúrthóirí agus Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

Feidhmítear an Bord ar bhonn deonach agus ní dhearnadh aon íocaíochtaí le comhaltaí an Bhoird in 2010. Ní bhfuair na stiúrthóirí aon speansais in 2010. Fuair an Príomh-fheidhmeannach €88,485 d'íocaíochtaí tuarastail in 2010. Ní raibh aon íocaíochtaí bónais dlite don Phríomhfheidhmeannach. Fuair an Príomhfheidhmeannach suim €5,923 freisin i leith Taistil agus Cothaithe.

Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim neamh-mhaoinithe don earnáil phoiblí le shochar sainithe agus ní théann a theidlíochtaí pinsin thar na gnáth-theidlíochtaí a bhíonn ar fáil faoi scéim dá leithéid.

15. Leasa Chomhaltaí an Bhoird

Chuaigh an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i ndáil le leasanna atá le nochtadh ag comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Bhí aon idirbheart amháin sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbheach ag Comhaltaí an Bhoird. Mhol an Coiste deontas €15,000 le Gnó a Leathnú, a mbeadh 50% de i bhfoirm chúnaimh in-aisíoctha i dtreo gnó cothabhála aerárthach de chuid an Chomhalta Boird a leathnú. Chuaigh an Comhalta Boird as láthair an chruinnithe agus an tionscadal seo á phlé. Fuair an comhalta Boird páipéir roimh an gcruinniú.

16. Gnóthas leantach

D'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta i mí Mheitheamh 2010 go bhfuil sé le tograí a chur faoi bhráid an Rialtais maidir le struchtúr na mBord Fiontar Contae. Ní eol don Bhord go bhfuil aon rún ann feidhmeanna an Bhoird a leasú agus glacann sé leis go leanfaidh aon chomhlacht a thiocfaidh i gcomharbacht air ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí atá ar siúl aige faoi láthair agus go n-aistreofar a chuid sócmhainní, dliteanas agus ball foirne chuig an gcomhlacht sin. Sna cúinsí sin, ní chreideann sé go bhfuil aon athrú ag teastáil ar a chuid ráiteas airgeadais chun aon athstruchtúrú a d'fhéadfadh tarlú a léiriú agus tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe ar an mbonn gur gnóthas leantach atá i gceist.

17. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 15^{ú}, 2011.